

Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte

Seicliosta 7 – An Phríomh-Ionadaí Oibríthe

Forbraíodh an seicliosta seo chun cabhrú leo siúd a ceapadh mar Phríomh-Ionadaí Oibríthe a ról a thuiscint chun cabhrú le leathadh COVID-19 ina n-ionad oibre agus sa phobal a chosc. Tá tuilleadh eolais ar gov.ie, hse.ie, hpsc.ie agus hsa.ie.

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh treoir shonrach COVID-19 a bheith i bhfeidhm d'earnálacha oibre ar leith – féach ar hpsc.ie.

Uimh.	Beart Rialaithe	✓ Tá	✓ Níl	Gníomh a theastaíonn
1.	An bhfuil d'fhostóir nó do bhainisteoir tar éis do cheapachán mar Phríomh-Ionadaí Oibríthe do d'ionad oibre a éascú?			
2.	An bhfuil eolas agus oiliúint tugtha ag d'fhostóir duit faoi ról an Phríomh-Ionadaí Oibríthe?			
3.	An bhfuil tú ag coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19?			
4.	An bhfuil an cúrsa ar líne ó HSA do Phríomh-Ionadaithe Oibríthe, atá ar fáil ar hsa.ie/covid19 , déanta agat?			
5.	An bhfuil an póstaer don Phríomh-Ionadaí Oibríthe ar hsa.ie/covid19 feicthe nó íoslódáilte agat?			
6.	An bhfuil comharthaí agus siomptóim COVID-19 ar eolas agat?			
7.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi a leatar an víreas?			
8.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi le cabhrú le leathadh COVID-19 a chosc?			
9.	An bhfuil ionduchtú déanta agat ó d'fhill tú ar an obair (i ndiaidh athoscailt d'ionaid oibre tar éis a dhúnta ina measc)? An bhfuil tú tar éis an méid seo a leanas a phlé san ionduchtú: <ul style="list-style-type: none"> • an chomhairle agus an treoir is nuaí agus is deireanaí faoi shláinte phoiblí. • an cúrsa ar líne ó HSA, <i>Work Safely Induction</i>, atá ar fáil ar hsa.ie/covid19 • a bhfuil le déanamh má bhíonn siomptóim COVID-19 ort agus tú ag an obair nó sa bhaile • sonraí faoi na bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) i d'ionad oibre • breac-chuntas ar an bPlean Freagartha COVID-19 • pointí teagmhála don fhostóir agus don Phríomh-Ionadaí Oibríthe • comhairle a bhaineann go sonrach leis an earnáil oibre ina n-oibríonn tú? 			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓ Tá	✓ Níl	Gníomh a theastaíonn
10.	An bhfuil tú ag cabhrú le do chomhghleacaithe a choinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19?			
11.	An bhfuil an Fhoirm COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair comhlánaithe agat agus tugtha do d'fhostóir? (Féach ar an teimpléad don Fhoirm Roimh Fhilleadh ar an Obair.)			
12.	An bhfuil tú ar an eolas faoi na bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) atá i bhfeidhm ag d'fhostóir chun tú féin agus daoine eile a chosaint ar nochtadh le COVID-19? (Féach ar Sheicliosta 2.)			
13.	An bhfuil d'fhostóir tar éis dul i gcomhairle leatsa agus na bearta IPC agus bearta eile á gcur i bhfeidhm?			
14.	An bhfuil bealach cumarsáide rialta agat le d'fhostóir nó do bhainisteoir?			
15.	An bhfuil tú ag comhoibriú le d'fhostóir chun a chinntiú go gcloítear go leanúnach leis na bearta rialaithe sin?			
16.	An bhfuil tú ar an eolas faoi na riachtanais ghlantacháin a theastaíonn chun cabhrú le traséilliú a chosc? (Féach ar Sheicliosta 5.)			
17.	An bhfuil tú ag tuairisciú aon fhadhbanna, réimsí neamh-chomhlíonta nó ceisteanna a fheiceann tú le d'fhostóir/bhainisteoir láithreach?			
18.	An bhfuil tú ag coinneáil taifid ar aon fhadhbanna, réimsí neamh-chomhlíonta nó ceisteanna agus ar an ngníomh a rinneadh chun an cás a leigheas?			
19.	An bhfuil tú ar an eolas faoina bhfuil le déanamh má léiríonn duine éigin siomptóim COVID-19 ag an obair?			
20.	An bhfuil tú ag comhoibriú le d'fhostóir maidir le nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le ráig?			
21.	An bhfuil tú ag cabhrú, mar chuid den fhoireann freagartha, le bainistiú duine a léiríonn siomptóim COVID-19 ag an obair?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓ Tá	✓ Níl	Gníomh a theastaíonn
22.	Nuair atá an té ar a bhfuil na siomptóim tar éis an t-ionad oibre a fhágáil, an bhfuil tú ag cabhrú leis an ngníomh leantach a theastaíonn a mheas?			
23.	An bhfuil tú ar an eolas faoi aon athruithe ar phleananna éigeandála nó nósanna imeachta garchabhrach i d'ionad oibre?			
24.	An bhfuil tú ar fáil do do chomhghleacaithe chun éisteacht le haon ábhar imní nó moltaí atá acu faoi aon bhearta COVID-19?			
25.	An bhfuil tú ag tarraingt an t-ábhar imní nó na moltaí sin anuas le d'fhostóir nó do bhainisteoir, agus ag tabhairt a bhfreagra siúd ar ais don oibrí a phléigh an cheist leat?			
26.	An bhfuil a fhios agat cé na tacaí atá ar fáil duit má airíonn tú imníoch nó faoi bhrú agus an bhfuil tú chun an t-eolas sin a roinnt ar do chomhghleacaithe? Féach ar hsa.ie/covid19 le haghaidh podchraoltaí agus fiseán chun sláinte agus folláine a bhainistiú.			
	Eolas Breise			

Ainm: _____ Síniú: _____ Date: _____

Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.